II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (CBES) 2023/1614 ÓN gCOMHAIRLE

**an 10 Iúil 2023**

**maidir le síniú agus tabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Comhaontaithe i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal chun aistriú na ndaoine a ghabhtar agus a choinnítear faoina dhlí náisiúnta, as páirt a ghlacadh i sáruithe ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil nó i ngáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile, a éascú do Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Nollaig 2020, le Cinneadh (CBES) 2020/2188 ([1]), chuir an Chomhairle síneadh le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Atalanta), arna bunú faoi Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ([2]) go dtí an 31 Nollaig 2022 agus leathnaigh sí a sainordú chuig an dá chúram feidhmiúcháin thánaisteacha a bhaineann le rannchuidiú le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil a chur chun feidhme agus le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile.

(2) Foráiltear le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851 go bhféadfar comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú Stáit, ar bhonn údaruithe arna ndeonú cás ar chás ag an gComhairle, chun aistriú na ndaoine a ghabhtar agus a choinnítear faoina dhlí náisiúnta, as páirt a ghlacadh i sáruithe ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil nó i ngáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile, a éascú do Bhallstát, d'fhonn daoine den sórt sin a ionchúiseamh. Tá coinníollacha maidir le daoine den sórt sin a aistriú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha le háireamh sna comhaontuithe sin, go háirithe an dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, chun a áirithiú go háirithe nach bhfuil na daoine lena mbaineann le chur faoi phionós an bháis, faoi chéastóireacht ná faoi aon íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

(3) An 20 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh chun údarú a thabhairt don Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Séiséal d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích chun aistriú na ndaoine a ghabhtar agus a choinnítear faoina dhlí náisiúnta, as páirt a ghlacadh i sáruithe ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil nó i ngáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile, a éascú do Bhallstát.

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/2188 ón gComhairle an 22 Nollaig 2020 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 435, 23.12.2020, lch. 74).

([2]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (EUNAVFOR ATALANTA) (IO L 301 12.11.2008, lch. 33).

(4) An 12 Nollaig 2022, le Cinneadh (CBES) 2022/2441 ([3]), d'athainmnigh an Chomhairle Atalanta mar 'EUNAVFOR ATALANTA', chuir sí síneadh lena shainordú go dtí an 31 Nollaig 2024 agus chinn sí, agus a cúraimí á bhfeidhmiú aici, go bhfuil sé le rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua.

(5) Rinneadh comhaontú a chaibidil idir an tAontas agus Poblacht na Séiséal ar bhonn an údaraithe a dheonaigh an Chomhairle an 20 Bealtaine 2021.

(6) Ba cheart an comhaontú idir an tAontas agus Poblacht na Séiséal a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal chun aistriú na ndaoine a ghabhtar agus a choinnítear faoina dhlí náisiúnta, as páirt a ghlacadh i sáruithe ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an tSomáil nó i ngáinneáil ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile ('an Comhaontú'), a éascú do Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh a fhormheas thar ceann an Aontais ([4]).

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS

---

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/2441 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 319, 13.12.2022, lch. 80).

([4]) Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo.